

Eleathanach247

Dé Luain 21 Samhain 2016

Strictly Come Dancing nó Xfactor?

Le blianta anuas tá *Strictly Come Dancing* agus *Xfactor* i gcomórtas lena chéile agus iad ar an teilifís gach Satharn agus gach Domhnach roimh an Nollaig.

Ag an deireadh seachtaine, bhí i bhfad níos mó daoine ag breathnú ar *Strictly Come Dancing*. D'fhéach 5.8 milliún duine ar *XFactor* ach bhí 10.7 milliún duine ag breathnú ar *Strictly Come Dancing*. Cé acu ceann is fearr leat féin?

Bhí *Strictly Come Dancing* beo ag an deireadh seachtaine ó *Blackpool* i Sasana. Níor éirigh le Greg Rutherford go leor vótaí a fháil agus ní bheidh sé ar an gclár an deireadh seachtaine seo chugainn. Bhí an-bhrón air toisc nach raibh sé ag iarraidh an clár a fhágáil.

Tá seisear fágtha sa chomórtas anois agus an tseachtain seo chugainn beidh ar gach duine cáiliúil damhsa a dhéanamh faoi dhó. Ní cheapann daoine go bhfuil Ed Balls go maith ar *Strictly Come Dancing* ach gach seachtain téann duine eile abhaile.

Ar *XFactor* bhí ar Honey G canadh arís den chéad uair sa chomórtas. Bhí ar Ryan Lawrie canadh freisin. Fuair Honey G níos mó vótaí ó na moltóirí agus beidh sí ar ais ar an gclár an tseachtain seo chugainn. Tá ceathrar eile fágtha ar an gclár sin agus an tseachtain seo chugainn an téama a bheidh ann ná '*Louis Loves*'.

Tá Honey G ó *XFactor* ag iarraidh ar Ed Balls ó *Strictly Come Dancing* damhsa a dhéanamh i gcoinne a chéile.



Seachtain na hEolaíochta

Bhí Seachtain na hEolaíochta ar siúl an tseachtain seo caite. Tá an eolaíocht an-tábhachtach dúinn go léir. I scoileanna, in ollscoileanna, i gcoláistí agus in ionaid eile timpeall na tíre bhí cainteanna agus taispeántais ann.

Is féidir leis an eolaíocht bheith suimiúil freisin. Cabhraíonn an eolaíocht linn rudaí nua a fhoghlaim faoin saol. Cabhraíonn an t-eolas nua linn troid i gcoinne galar, agus cabhraíonn sé linn rudaí nua a dhéanamh agus a chruthú.

Abhainn cúir i Santa Clara

Tharla rud aisteach i rith na seachtaine i mbaile beag i gCalifornia, Santa Clara. Tháinig cúir tríd na sráideanna agus chlúdaigh sé gluaisteáin. Ní raibh le feiceáil ach na comharthaí bóthair.

Níor ghortaíodh aon duine ach ghlac sé a lán ama chun an cúir a ghlanadh ó na sráideanna. Níor thuig daoine cén fáth go raibh an cúir ar fud na háite. Is cosúil gur bhain sé leis an stáisiún dóiteáin.

Bhí an cúir ann chun tinte a mhúchadh ach trí thimpiste tháinig an cúir uile amach agus shleamhnaigh sé tríd na sráideanna. Caithfidh gur cheap daoine go raibh sneachta ar fud na háite nuair a d'fhéach siad amach, ach ní sin a bhí i gceist!



Tá an cúir ar fud na háite.